RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1159 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meitheamh 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1]('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Trí Rialachán (CE) Uimh. 1942/2004 [2], d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí sraithadhmaid okoumé áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.

(2) Trí Rialachán (AE) Uimh. 82/2011 [3], chuir an Chomhairle fad 5 bliana leis na bearta bunaidh tar éis athbhreithniú éaga (an chéad 'athbhreithniú éaga'). Trí Rialachán (AE) Uimh. 2017/648 [4], chuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') fad 5 bliana eile leis na bearta bunaidh tar éis an dara athbhreithniú éaga (an 'dara athbhreithniú éaga').

(3) Na dleachta frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, tá na rátaí idir 6,5 % agus 23,5 % dá mbarr ar allmhairí ó na ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin agus ag ráta 66,7 % ar allmhairí ó gach cuideachta eile.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag a bheith ag teacht [5], fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán').

(5) Is í an Chónaidhm Eorpach um an Tionscal Ábhar Adhmaid ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 16 Nollaig 2021 thar ceann thionscal an Aontais i leith sraithadhmad okoumé de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus/nó go gcuirfear tús léi arís agus go dtarlóidh díobháil arís do thionscal an Aontais.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1942/2004 ón gComhairle an 2 Samhain 2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí sraithadhmaid okoumé ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 336, 12.11.2004, lch. 4).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 82/2011 ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okoumé ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus lena bhfoirceanntar athbhreithniú eatramhach páirteach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 28, 2.2.2011, lch. 1).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/648 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 92, 6.4.2017, lch. 48).

[5] Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C 277, 12.7.2021, lch. 2).

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 5 Aibreán 2022 maidir leis na bearta frithdhumpála infheidhme maidir le hallmhairí sraithadhmaid okoumé ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad isteach chuig an Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]) ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. **tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) Leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó tús a chur léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfear tús léi arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Níor iarr aon cheann de na páirtithe leasmhara éisteacht.

1.6. **Sampláil**

(10) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar pháirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Sampláil táirgeoirí ón Aontas

(11) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an méid ionadaíoch is mó de tháirgeacht agus díolacháin, ag tabhairt raon geografach san áireamh freisin. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir ón Aontas. Chuimsigh na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais 40 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 41 % de mhéid díolachán iomlán an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

Sampláil allmhaireoirí

(12) Chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

Sampláil táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne

(13) Chun a chinneadh cibé an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir/táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí/táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 150, 5.4.2022, lch. 16).

(14) Níor sholáthair aon táirgeoir/táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a iarradh laistigh den sprioc-am agus/nó níor thoiligh aon táirgeoir a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, níorbh ann d'aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne agus rinneadh na torthaí maidir leis na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Tugtar mionsonraí ar na foinsí a úsáidtear in aithris (28).

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(15) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(16) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. I ndail leis na ceistneoirí sin, chomh maith leis na ceistneoirí do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na húsáideoirí agus na honnmhaireoirí Síneacha, cuireadh ar fáil ar líne ([7]) iad freisin lá an tionscnaimh. I gcaitheamh an imscrúdaithe, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir agus sonraí maicreacnamaíocha thionscal an Aontais á n-iarraidh.

(17) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ón iarratasóir.

1.8. **Fíorú**

(18) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil agus nó go dtarlóidís arís agus maidir le leas an Aontais.

(19) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— Allin SA, Le Vanneau, an Fhrainc

— F.A. Mourikis SA, Kalamaki, An Ghréig

— Joubert Saint Jean d'Angely SAS, Saint-Jean d'Angely, an Fhrainc

— European Panel Federation (an t-iarratasóir), an Bhruiséil, an Bheilg.

1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(20) An 5 Aibreán 2023, nocht an Coimisiún na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh. Níor thug aon pháirtí barúil ar bith.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An Táirge faoi athbhreithniú**

(21) Tá an táirge faoi athbhreithniú mar an gcéanna leis an imscrúdú bunaidh agus na hathbhreithnithe éaga roimhe sin, is é sin sraithadhmad okoumé, arna shainmhíniú mar shraithadhmad arb é atá ann leatháin adhmaid, nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i ngach sraith díobh, ag a bhfuil sraith sheachtrach okoumé nach bhfuil brataithe le scannán ábhar eile, atá faoi láthair faoi chód AC ex 4412 31 10 (cód TARIC 4412 31 10 10) ('an táirge faoi athbhreithniú').

([7]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2588

(22) Tá dhá phríomhchineál sraithadhmad okoumé ann, sraithadhmad a dhéantar as okoumé amháin ('okoumé foriomlán') agus sraithadhmad a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na haghaidheanna seachtracha déanta as okoumé, an chuid eile de déanta as adhmad eile ('okoumé clúdaithe') (d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh don cheann deiridh freisin mar 'comhcheangal' nó 'cúpla'). Tá an chuma sheachtrach chéanna ag an dá phríomhchineál sraithadhmaid okoumé. D'ainneoin difríochtaí in airíonna meicniúla, roinneann siad ar fad na bun-saintréithe fisiciúla agus teicniúla, agus úsáidtear iad chun na mbunchríocha céanna.

(23) Úsáidtear sraithadhmad okoumé i raon leathan feidhmeanna, mar shampla i dtionscal na tógála i bhfeidhmeanna siúinéireachta agus cearpantóireachta le haghaidh clár, cláir chomhla, íoslaigh sheachtracha agus balastráidí agus painéil chois abhann. Úsáidtear freisin é chun críocha níos maisiúla in, *inter alia*, iompair ar bhóithre (e.g. gluaisteáin, cóistí, carbháin, carranna campála), iompar muirí (luaimh), i dtionscal an troscáin agus doirse.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(24) Is é an táirge a bhaineann leis an imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2.3. **Táirge comhchosúil**

(25) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe chomh maith leis na hathbhreithnithe éaga roimhe seo, tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh baile na tíre lena mbaineann

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(26) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(27) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig deireadh a bheag nó a mhór ar mhargadh an Aontais le hallmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. De réir Eurostat, thart ar 0.04 % de mhargadh an Aontais a bhí in allmhairí sraithadhmaid okoumé ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Bhí an cás mórán mar a chéile san athbhreithniú éaga roimhe sin. I ndearbhthéarmaí, bhí 74 m^3 d'allmhairí ann de shraithadhmad okoumé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 83 606 m^3 san imscrúdú bunaidh, 12 620 m^3 sa chéad athbhreithniú éaga agus ní raibh aon allmhaire ann sa dara athbhreithniú éaga.

(28) Mar a luadh in aithris (14), níor chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí/táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(29) Dá thoradh sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe ar fhaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú, ar shonraí atá ar fáil go poiblí le haghaidh táirgeoir sraithadhmaid okoumé Turcach, faisnéis arna soláthar ag an iarratasóir agus ag tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, faisnéis ó oifig staidrimh náisiúnta na Tuirce, bunachar sonraí Comext Eurostat, Global Trade Atlas ('GTA'), léarscáil rochtain ar an margadh an Lárionaid Trádála Idirnáisiúnta, agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ('FAO').

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

(30) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(31) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(32) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(33) An 24 Lúnasa 2022, d'eisigh an Coimisiún Nóta le haghaidh an chomhaid maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ('Nóta maidir le foinsí'). Leis an Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis an úsáid a bhí beartaithe aige a bhaint as an Tuirc mar thír ionadaíoch, agus as na foinsí ábhartha chun an gnáthluach a chinneadh agus an Tuirc ina tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta Eksioglu Orman Urunleri, táirgeoir sa Tuirc.

(34) Leis an Nóta maidir le foinsí, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara freisin a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí agus ar iomchuibheas na Tuirce mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh freisin, ar choinníoll go gcuirfidís faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha. Ní bhfuarthas aon bharúil.

3.3. **Gnáthluach**

(35) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*".

(36) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn costas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'*, agus *'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair brabús' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin')*.

(37) Mar a mhínítear tuilleadh thíos, bhain an Coimisiún de thátal as an imscrúdú reatha, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin nó ó na táirgeoirí, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

3.3.1.1. Réamhrá

(38) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu*'. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát*'.

(39) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá aird a thabhairt ar na gnéithe uile chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Féadfaidh an measúnú foriomlán ar an ann do shaobhadh comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(40) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán *'[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(41) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil de réir tíre maidir le Daon-Phoblacht na Síne ('an Tuarascáil') ([8]), ina dtaispeántar gurb ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe ag tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha san iarraidh freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

([8]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2.

(42) Ar bhealach níos sonraí, luadh san iarraidh, ag tagairt don Tuarascáil, gur tharla an ró-acmhainneacht in earnáil sraithadhmaid na Síne, lena n-áirítear sraithadhmad okoumé, mar gheall ar shaobhadh struchtúrach i roinnt mhaith earnálacha tionsclaíocha Síneacha. Thairis sin, tugadh le fios san iarraidh gur cothaíodh úsáid adhmaid mar amhábhar trí idirghabháil ón Stát i mbeartais Rialtas na Síne, amhail iad sin a shonraítear sa 13ú Plean Cúig Bliana ('FYP') maidir le Foraoiseacht. Sa 14ú FYP ina dhiaidh sin, a chumhdaíonn na blianta 2021-2026, luaigh Rialtas na Síne a rún chun '*bonneagar na bhfeirmeacha foraoise agus na gcriosanna foraoise faoi úinéireacht an Stáit a fheabhsú*'. Ina theannta sin, ag tagairt siar don Tuarascáil, tugadh le fios san iarraidh gur ann do shaobhadh sa rochtain ar chaipiteal, earnálacha ceimiceacha agus saothair, chomh maith le saobhadh sna margaí fuinnimh. De réir na hiarrata, is dóchúil go mbeidh tionchar ábhartha ag an saobhadh sin ar an tionscal sraithadhmaid okoumé. Thairis sin, meabhraíodh san iarraidh, in 2017, gur fhorchuir údaráis na Stát Aontaithe dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid áirithe isteach i SAM ón tSín tar éis teacht ar chonclúid go raibh idirghabhálacha Rialtas na Síne trí chláir stáit éagsúla, fóirdheontais, iasachtaí beartais ar théarma fabhracha etc., i bhfabhar díreach táirgeoirí de chuid na Síne agus onnmhaireoirí táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid áirithe.

(43) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist. Ná ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(44) Scrúdaigh an Coimisiún cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

3.3.1.2. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne

(45) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar choincheap '*gheilleagar an mhargaidh shóisialaigh*'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, eadhon, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*'. Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit 'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta' agus tá sainordú ag an Stát maidir le '*comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú*' ([9]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnaigh reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([10]).

(46) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir Stát na Sine agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú óna chéile ann. Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne.*' ([11]) Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch

([9]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.
([10]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 10.
([11]) Ar fáil ag: Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne (npc.gov.cn), arna rochtain an 15 Samhain 2022.

Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor. Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(47) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch crioscaíolach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na gcoinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([12]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

(48) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas. Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí. Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh. Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir chinn phríobháideacha agus chinn faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an méid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas le córas na bpleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir sin, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin roinn 3.3.1.5 thíos) ([13]).

(49) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag na bainc bheartais ar chóras airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith (féach freisin roinn 3.3.1.8 thíos) ([14]). Tá sin fíor freisin maidir leis na codanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháideacha, etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte chun an leas is mó is féidir a bhaint as feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais ach a áirithiú go bhfuil smacht ag an Stát agus ag Páirtí Cumannach na Síne agus gur féidir leo idirghabháil a dhéanamh ([15]).

(50) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl an cineál spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([16]). Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar dhearbhmhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([17]).

(51) Mar sin, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabháil rialtais agus a spreagann iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([18]).

([12]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.
([13]) Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 41, 73-74.
([14]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([15]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 122-135.
([16]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([17]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([18]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-9.

3.3.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(52) I nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar.

(53) Cé gur cosúil nach bhfuil an leibhéal úinéireachta stáit suntasach san earnáil sraithadhmaid okoumé, tá scairsheilbh fós ag Rialtas na Síne i roinnt táirgeoirí, amhail scairsheilbh de níos mó ná 40 % in Jiangsu High Hope Arser Co., Ltd ([19]). Anuas ar úinéireacht fhoirmiúil, féadfaidh údaráis stáit cuideachtaí a rialú agus a mhaoirsiú ar bhealaí neamhfhoirmiúla, mar a léiríodh trí Ghrúpa Luli atá faoi úinéireacht phríobháideach a bhí 'saothraithe' ag rialtas cúige Shandong ([20]), de réir foinsí poiblí. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne maidir le cinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([21]) (féach freisin roinn 3.3.1.4 thíos) agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus na bPáirtithe le chéile i nDaon-Phoblacht na Síne.

(54) Tá sé sin le brath freisin ag leibhéal Chomhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne ('CNFPIA'), comhlachas earnáil an tionscail. De réir Airt. 4 d'Airteagail Chomhlachais CNFPIA, glacann an eagraíocht le '*treoraíocht, maoirseacht agus bainistíocht ghairmiúil […] ó Riarachán Foraoiseachta agus Féarthalún an Stáit agus ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta*' ([22]).

(55) Mar sin de, fiú táirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí margaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon, tá siad faoi réir maoirseachta beartais agus treorach mar a shonraítear i roinn 3.3.1.5 thíos.

3.3.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas

(56) Seachas smacht a fhorfheidhmiú ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireacht ar fhiontair faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas do Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, ([23]) tá tábhacht le cealla PCS i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó tríd na cealla sin. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([24])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil, ([25]) lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([26]). In 2017, tuairiscíodh go raibh

([19]) Féach ag: www.arserwood.com/?back = main (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([20]) Féach ag: lyj.hunan.gov.cn/tslm_71206/lysc/scxx/201512/t20151227_2693076.html (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([21]) Féach, mar shampla Airteagal 33 de bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de dhlí cuideachtaí na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua arna eisiúint ag Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne in 2020.
([22]) Féach ag: www.cnfpia.org/about-law.html (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([23]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-1.
([24]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 26
([25]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*; Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-2.

cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([27]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(57) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, scaoileadh doiciméad dar teideal *General Office of CCP Central Committee's Guidelines on stepping up the United Front work in the private sector for the new era* [Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach PCS maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('na Treoirlínte') ([28])], rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha. Tá an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin*'; agus i Roinn III.6 deirtear: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*.' Cuirtear béim sna Treoirlínte mar sin ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar ann le ról an Pháirtí a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([29]).

(58) Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil forluí idir seasaimh bhainistíochta agus comhaltas CCP/feidhmeanna Páirtí coitianta in earnáil an tsraithadhmaid. Mar shampla, tá post rúnaí brainse ag bainisteoir ginearálta Jiangsu High Hope Arser Co., Ltd. ag an am céanna agus feidhmíonn cathaoirleach na máthairchuideachta, Grúpa Jiangsu High Hope freisin mar rúnaí ar choiste Pháirtí an Ghrúpa ([30]).

(59) Láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais (féach roinn 3.3.1.8 thíos freisin) agus i soláthar amhábhar agus ionchur, tá éifeachtaí saofa breise aige sin ar an margadh ([31]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, san earnáil sraithadhmaid okoumé agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.3.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(60) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí de chineál ceangailteach a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([32]).

(61) Chuir údaráis na Síne roinnt beartas i ngníomh lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge faoi athbhreithniú. I dtosach, liostaítear teicneolaíochtaí a bhaineann le painéil adhmaid i measc na dtionscal a spreagtar sa Chatalóg Treorach maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail 2019 ([33]), ina dtugtar le fios rúin na n-údarás chun comhshaol rialála a chruthú atá fabhrach d'fhorbairt na hearnála agus a d'fhéadfadh bealach a chruthú don tionscal chun rochtain a fháil ar airgeadas. Thairis sin, ní hamháin go dtugtar cuireadh do na húdaráis sa 14ú FYP maidir le Forbairt an Tionscail Foraoise agus Féir ([34]), chun '*claochlú glas cuimsitheach ar thionscal na próiseála adhmaid a chur chun cinn*' nó chun '*na tionscail thraidisiúnta is mó buntáiste a chomhdhlúthú agus a uasghrádú amhail urláir adhmaid,*

([27]) Ar fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 15 Samhain 2022).
([28]) Ar fáil ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 15 Samhain 2022)
([29]) Financial Times (2020) - *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise*, ar fáil ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 15 Samhain 2022).
([30]) Féach ag: www.arserwood.com/?CateID=10000098&ContentID=10000939 (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([31]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.
([33]) Féach Roinn I.1.39, chomh maith le Roinn I.1.56 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCatalóg Treorach, ar fáil ag: www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([34]) Ar fáil ag: http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/13/content_5673332.htm (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).

troscán adhmaid, doirse adhmaid, […] *agus forbairt troscán, struchtúir adhmaid agus ábhair thógála adhmaid saincheaptha a luasghéarú*', ach leagtar amach spriocanna sonracha aschuir ann freisin: '[f]*aoi 2025, beidh aschur painéal de dhéantús an duine cobhsaithe ag timpeall 300 milliún méadar ciúbach, beidh aschur urlár cobhsaithe ag timpeall 800 milliún méadar cearnach, agus beidh luach aschuir troscán adhmaid níos mó ná RMB 800 billiún*' ([35]). *Ina theannta sin, sa Tuairim Treorach maidir le hardchaighdeán forbartha ar an tionscal foraoiseachta agus féir, arna foilsiú ag an Riarachán Náisiúnta maidir le Foraoiseacht agus Féarthalamh i mí Feabhra 2019* ([36])*, déantar paraiméadair bhreise fhorbairt bheartaithe na hearnála a chainníochtú: 'Faoi 2025, beidh an sásra institiúideach maidir le húsáid réasúnach acmhainní foraoise agus féir foirmithe go bunúsach, breiseofar go suntasach acmhainneacht tacaíochta na n-acmhainní foraoise agus féir, méadófar go suntasach líon aschuir na dtáirgí ardchaighdeáin foraoise agus féir, agus leathnófar a thuilleadh an trádáil i dtáirgí foraoise, agus méadófar luach aschuir foriomlán na foraoiseachta ar an leibhéal náisiúnta de réir a chéile faoi níos mó ná 50 % ar bhonn an cháis atá ann faoi láthair, sroichfidh aschur eacnamaíoch na dtáirgí foraoise atá tábhachtach don gheilleagar 250 milliún tona, agus sroichfidh allmhairiú agus onnmhairiú líon trádála táirgí foraoise 240 USD billiún.*' ([37]) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú.

(62) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le hearnáil an tsraithadhmaid okoumé a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.3.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(63) De réir na faisnéise atá ar chomhad, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí féin amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([38]).

(64) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ([39]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an Stát amháin. Is forálacha dlíthiúla iad sin a bhfuil sé mar aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ag praghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi rátaí an mhargaidh ([40]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([41]).

(65) Ach oiread le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na foraoiseachta agus na táirgeachta adhmaid. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

([35]) Féach Roinn III.2 den phlean.
([36]) Féach ag: www.gov.cn/xinwen/2019-02/19/content_5366730.htm (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).
([37]) Féach Roinn 3 den Tuairim Treorach.
([38]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.
([39]) Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 216.
([40]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.
([41]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.

(66) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge faoi athbhreithniú.

3.3.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(67) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne roinnt de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe iad sin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([42]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([43]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Fágann sé sin oibrithe nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu iad féin i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na daoine a bhfuil an clárú cónaitheachta acu ([44]). Fágann na torthaí sin go ndéantar costais phá a shaobhadh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(68) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil sraithadhmaid okoumé faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Déanann an saobhadh ar chostais pá difear go díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

3.3.1.8. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(69) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir saobhadh éagsúil.

(70) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([45]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) ([46]) agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta. Agus iad á dhéanamh sin, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([47]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([48]).

(71) Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

([42]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([43]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 336.
([44]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.
([45]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.
([46]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 119.
([47]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 120.
([48]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

(72) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus nach mór na cinntí sin a bheith fós i gcomhréir le beartais náisiúnta. Is ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta é ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnálacha na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([49]). Thairis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a *'bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar'*, agus go háirithe an chaoi a bhfreastalaíonn na heintitis ar *'thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn'* ([50]).

(73) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([51]).

(74) Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([52]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(75) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an Stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(76) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ó dheireadh 2018 ([53]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla i nDaon-Phoblacht na Síne le déanaí gur éiligh Páirtí Cumannach na Síne *'go dtreorófaí ráta úis mhargadh na n-iasachtaí síos.'* ([54]) Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(77) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas i nDaon-Phoblacht na Síne go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

([49]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne (CBIRC) an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*, ar fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 15 Samhain 2022). Tugtar treoir sa Phlean *'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'*. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: *'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* […] *Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad.'*

([50]) Féach *Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc Tráchtála,* arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 12 Aibreán 2021).

([51]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta 'Resolving China's Corporate Debt Problem', le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203.

([52]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

([53]) Féach ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, ar fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 8 Feabhra 2023).

([54]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 22 Samhain 2022).

(78) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh i nDaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(79) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

3.3.1.9. An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(80) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil maidir le fíricí agus gnéithe an chórais Shínigh mar a thuairiscítear thuas i Ranna 3.3.1.2 go 3.3.1.5 agus freisin i gCuid I den Tuarascáil, go bhfuil feidhm acu ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is ionann an scéal maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas i Ranna 3.3.1.6 - 3.3.1.8 thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(81) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá ionchuir áirithe chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí sraithadhmaid okoumé na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(82) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.3.1.10. Conclúid

(83) Leis an anailís a leagtar amach i ranna 3.3.1.2 go 3.3.1.9, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil Dhaon-Phoblacht na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus san earnáil chomh maith den táirge faoi athbhreithniú, léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán difear dóibh mar a léirítear leis an tionchar iarbhír atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha dá liostaítear ann nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó acu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(84) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.3.2. *Tír ionadaíoch*

(85) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([55]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([56]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná tír amháin a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(86) Mar a mhínítear in aithris (32), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí lena dtugtar tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá ndeimhneofaí saobhadh suntasach a bheith ann de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(87) Sa Nóta maidir le foinsí, mhínigh an Coimisiún go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, mar gheall ar an easpa comhoibrithe, de réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Bhí rogha na tíre ionadaíche bunaithe ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéar ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán.

(88) Maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche, san iarraidh ar athbhreithniú éaga, rinne an t-iarratasóir scrúdú ar chúig thír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch agus a raibh a leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Is iad na tíortha a ndearnadh scrúdú orthu an Téalainn, an Indinéis, an Bhrasaíl, an Mhalaeisia agus an Tuirc ([57]).

(89) Maidir le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, níor sainaithníodh ach an Tuirc agus an Indinéis mar thíortha a tháirgeann sraithadhmad okoumé san iarraidh ([58]).

(90) Maidir le hinfhaighteacht na sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch, ina iarraidh ar athbhreithniú, shainaithin an t-iarratasóir trí chuideachta a tháirgeann táirgí adhmaid veiníre, lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú, sa Tuirc, agus gan ceann ar bith san Indinéis ([59]). Mar a míníodh sa Nóta maidir le foinsí, thángthas ar chonclúid in anailís an Choimisiúin nach raibh sonraí airgeadais cothrom le dáta leordhóthanach ar fáil maidir le péire de chuideachtaí na Tuirce. Bhí sonraí ar fáil don tríú cuideachta le haghaidh 2020 ach ní raibh sé soiléir ar sholáthair siad an táirge faoi athbhreithniú. Shainaithin an Coimisiún, áfach, cuideachta sa Tuirc, Eksioglu Orman Urunleri a tháirg an táirge faoi athbhreithniú agus a raibh sonraí airgeadais ar fáil acu maidir le 2020. Dá bhrí sin, chomhlíon an Tuirc na critéir maidir le hinfhaighteacht sonraí poiblí ábhartha.

(91) Tar éis a shuí gurb é an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(92) Sa Nóta maidir le foinsí, iarradh ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar iomchuibheas na Tuirce mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh freisin, ar choinníoll go gcuirfidís faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(93) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í ina tír ionadaíoch iomchuí.

([55]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([56]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

([57]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn 4.1.1.

([58]) Ibid.

([59]) Ibid. Chun gnáthluach a bhunú leis an Indinéis, braitheann an iarraidh ar ráitis airgeadais táirgeoirí sraithadhmaid trópaiceach, ach don Tuirc úsáideann sé sonraí ó ráitis airgeadais táirgeoirí sraithadhmaid okoumé.

3.3.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(94) Sa Nóta ar fhoinsí, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Luaigh an Coimisiún freisin sa Nóta ar fhoinsí, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na príomh-amhábhair.

(95) Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go ndéanfadh sé míreanna nach bhfuil ach ualach diomaibhseach acu ar an gcostas táirgthe a ghrúpáil le chéile, amhail amhábhair eile, costais phacáistíochta, fóntais tomhaltáin, agus iad a shloinneadh mar chéatadáin de na príomh-amhábhair. Ina theannta sin, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar le linn dó a bheith ag úsáid na bpraghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa sa tír ionadaíoch iomchuí.

(96) Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ('TURKSTAT') chun costais neamhshaofa leictreachais agus saothair a bhunú.

(97) Chuir an Coimisiún ar áireamh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun na costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún an cóimheas forchostais mhonaraíochta le costais monaraíochta bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú agus ar shonraí fíoraithe táirgeoir de chuid an Aontais, Joubert Plywood a sholáthair faisnéis shonrach chun na críche sin. Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i Roinn 3.3.5 thíos.

(98) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ón táirgeoir den tháirge faoi athbhreithniú ón Tuirc, mar a leagtar amach in aithris (32) thuas, chun SGA agus brabús a bhunú.

(99) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir leis an liosta tosca táirgeachta sa Nóta maidir le foinsí.

3.3.4. *Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna*

(100) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata ar athbhreithniú agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin agus a fíoraíodh ar an láthair agus in éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná aon bharúil maidir leis an Nóra ar fhoinsí, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

—Tosca táirgeachta sraithadhmaid okoumé

Tosca Táirgeachta	Cóid HS	Foinse sonraí	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (RMB)
Amhábhair				
Leatháin veiníre	4408 39	Global Trade Atlas (GTA) ([60])	M^3	6 507,69
Spreotaí poibleoige	4403 97	GTA	M^3	2 615,34
Gliú feanólach	3909 40	GTA	KG	16,45
Gach amhábhar eile, pacáistíocht, fóntais, tomhaltáin.	N/B		Méid seasta	[1-5] % de na hamhábhair

([60]) http://connect.ihsmarkit.com/gta/home

Fuinneamh/Fóntais				
Leictreachas	N/B	Institiúid Staidrimh na Tuirce. (TURKSTAT) ([61])	kWh	0,59
Lucht saothair				
Lucht saothair	N/B	TURKSTAT ([62])	uair an chloig	16,28

3.3.4.1. Amhábhair

(101) Chun praghas neamhshaofa na bpríomh-amhábhar, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([63])

(102) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn 3.3.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(103) I gcás líon tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin agus iad a ghrúpáil ina dhiaidh sin le hamhábhair eile, costais phacáistithe agus fóntais agus iad a shloinneadh mar chéatadán de na príomh-amhábhair mar a mhínítear in aithris (94). Mar gheall ar an easpa comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, shuigh an Coimisiún an céatadán sin bunaithe ar na sonraí a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú a fíoraíodh ina dhiaidh sin bunaithe ar shonraí ó cheann de tháirgeoirí an Aontais a chomhoibrigh leis an imscrúdú agus a sholáthair faisnéis shonrach chun na críche sin ([64]), i.e. Joubert Plywood.

(104) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar tráth a seachadta ag geata mhonarcha an táirgeora a shuí, chuir an Coimisiún dleacht allmhairiúcháin na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ag na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh na méideanna allmhairithe ([65]). Chuir an Coimisiún costas iompair intíre leis arna ríomh in aghaidh an m^3 ar bhonn na faisnéise atá sna malartuithe ríomhphoist idir an European Panel Federation agus príomhtháirgeoir painéal atá bunaithe ar adhmad sa Tuirc ([66]).

([61]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Elektrik-ve-Dogal-Gaz-Fiyatlari-II.-Donem:-Temmuz-Aralik-2021-45566

([62]) https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=istihdam-issizlik-ve-ucret-108&dil=2

([63]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([64]) Rinneadh na figiúirí a soláthraíodh a fhíorú ar an láthair agus a réiteach le cuntais na cuideachta.

([65]) Ar fáil ag Market Access Map, Lárionaid Trádála Idirnáisiúnta, www.macmap.org (MacMap) (chonacthas é go deiridh an 31 Eanáir 2023)

([66]) Ar fáil ag: https://sherlock.trade.ec.europa.eu/sherlock/viewDoc.do?activityId=101&docId=104397

3.3.4.2. Lucht saothair

(105) Foilsíonn TURKSTAT faisnéis mhionsonraithe maidir le meánchostas saothair míosúil ([67]) agus comhpháirteanna trí ghníomhaíocht eacnamaíoch sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil (2020) chun ráta in aghaidh na huaire a ríomh.

3.3.4.3. Leictreachas

(106) Foilsíonn TURKSTAT praghas an leictreachais i gcomhair cuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in kWh mar a foilsíodh an 31 Márta 2022 (a chumhdaíonn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) ([68]) chun meánchostas leictreachais a ríomh.

3.3.4.4. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(107) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*.'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(108) Mar gheall ar an éagmais comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, ríomh an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar an gcóimheas d'fhorchostais mhonaraíochta arna roinnt ar chostas na monaraíochta a thuairiscigh Joubert Plywood. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme ansin maidir le luach neamhshaofa chostas na monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(109) Le haghaidh costais SGA agus brabúis, d'úsáid an Coimisiún sonraí airgeadais an táirgeora Turcaigh a luaitear in aithris (32).

3.3.5. *Ríomh an ghnáthluacha*

(110) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge (is é sin okoumé foriomlán agus okoumé clúdaithe mar a mhínítear in aithris (21)) ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(111) De réir na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú éaga, a fíoraíodh ina dhiaidh sin bunaithe ar na sonraí ó cheann de tháirgeoirí an Aontais a chomhoibrigh san imscrúdú agus a sholáthair faisnéis shonrach chun na críche sin, táirgtear okoumé foriomlán ag úsáid leatháin veiníre amháin, agus táirgtear okoumé clúdaithe ag úsáid leatháin veiníre agus lomáin phoibleoige araon. Dá bhrí sin, úsáideadh an luach neamhshaofa le haghaidh lomáin phoibleoige, mar aon le gach amhábhar eile, chun gnáthluach a thógáil do okoumé clúdaithe, cé nár úsáideadh é chun gnáthluach a thógáil le haghaidh okoumé foriomlán. Tá an mhodheolaíocht sin, a mhínítear sna haithrisí seo a leanas, mar an gcéanna sa dá chás.

(112) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais dhíreacha neamhshaofa. In éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis ([69]) a sholáthair Joubert Plywood, arna fíorú ar an láthair, ar thomhaltas gach toisce táirgeachta (amhábhair, lucht saothair agus leictreachas) chun sraithadhmad okoumé a tháirgeadh. D'iolraigh an Coimisiún na méideanna tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas sa Tuirc, mar a thuairiscítear i Roinn 3.3.4.1. I gcás roinnt tosca táirgeachta arb ionann iad agus sciar diomaibhseach de chostais iomlána na n-amhábhar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, sloinneadh iad mar chéatadán de na príomh-amhábhair mar a mhínítear in aithris (94). Chuir an Coimisiún an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na bpríomh-amhábhar le teacht ar an luach neamhshaofa.

(113) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús i bhfeidhm mar a suíodh in aithrisí (107) agus (108) le costais neamhshaofa na monaraíochta. Go coincréiteach:

([67]) https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=istihdam-issizlik-ve-ucret-108&dil=2.
([68]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Elektrik-ve-Dogal-Gaz-Fiyatlari-II.-Donem:-Temmuz-Aralik-2021-45566.
([69]) Ar fáil ag: https://sherlock.trade.ec.europa.eu/sherlock/viewDoc.do?activityId=101&docId=104537
Tagairt: t22.006603

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán [5-12] % den chostas monaraíochta,

— costais díola, ghinearálta agus riaracháin, arbh ionann iad agus 4,06 % de Chostais na nEarraí a Díoladh ('COGS'), agus

— 13,77 % de chostas na n-earraí a díoladh ('COGS') a bhí sna brabúis, agus cuireadh iad le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(114) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge, mar a míníodh in aithris (110), ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.4. **An praghas onnmhairiúcháin**

(115) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí allmhairithe Eurostat, ar leibhéal costais, árachais agus lasta ('CAL'). Ba iad na costais last-táille mara agus árachais agus an costas iompair intíre sa tSín a laghdaigh an praghas CAL, 619 € in aghaidh an m^3 le teacht ar an bpraghas onnmhairiúcháin ag leibhéal díreach ón monarcha. Bhí na méideanna a asbhaineadh bunaithe ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga ([70]).

3.5. **Comparáid agus corrlach dumpála**

(116) In éagmais comhoibriú ón tSín, ní raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an gcineál táirge a onnmhairíodh. Chuir an Coimisiún, dá bhrí sin, na gnáthluachanna a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i.e. le haghaidh okoumé foriomlán agus okoumé clúdaithe, i gcomparáid le praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha mar a shuitear thuas.

(117) Ar an mbonn sin, bhí an corrlach dumpála maidir le hallmhairithe ón tSín, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, os cionn 100 %, gan beann ar an ngnáthluach a úsáideadh.

(118) Ach, bhí méid na n-allmhairí a bhí i gceist diomaibhseach, comhfhreagrach le níos lú ná 0,2 % d'allmhairí an Aontais Eorpaigh san iomlán agus ag léiriú sciar níos lú ná 0,04 % de mhargadh an Aontais. In éagmais comhoibrithe, ní raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an gcineál táirge. Chomh maith leis sin, ní raibh na hallmhairí sin comhdhéanta ach d'idirbheart amháin, ag cur comhartha ceiste ar a ionadaíochas. Ar na cúiseanna sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh leor na méideanna ísle sin chun bheith ina mbonn leordhóthanach chun leanúint d'anailís dumpála. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú ar an dóchúlacht go gcuirfí túis leis an dumpáil arís.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DUMPÁIL ARÍ**

(119) Rinne an Coimisiún imscrúdú de réir Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má ligtear na bearta dul as feidhm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: na leibhéil dumpála a d'fhéadfadh a bheith i margadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag; comparáid idir an gnáthluach arna shuí san athbhreithniú éaga sin mar a mhínítear i roinn 3.3.5 agus praghsanna onnmhairí ón tSín bunaithe ar na tairiscintí tráchtála ar onnmhairí chuig an Aontas agus chuig tríú tíortha arna soláthar san iarraidh ar athbhreithniú éaga; an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

4.1. **Leibhéil dumpála dóchúla i margadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag**

(120) Chun leibhéal dóchúil na bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas a chinneadh dá ligfí do na bearta dul in éag, agus mar gheall ar an éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí de chuid na Síne, bhunaigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán i.e. ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga. Go sonrach, suíodh an praghas onnmhairiúcháin don dá phríomhchineál táirge dá dtugtar tuairisc in aithris (21) bunaithe ar 64 thairiscint tráchtála chuig margadh an Aontais agus 26 thairiscint tráchtála chuig tríú tíortha eile (an Meánoirthear, an Tuirc, agus an Ríocht Aontaithe) arna ndéanamh trí ríomhphost le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

([70]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn 5.4 agus iarscríbhinn oscailte XXIII

(121) Bhí na meánphraghsanna sna tairiscintí tráchtála le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ag leibhéal CAL ag 686 EUR/m³ le haghaidh okoumé foriomlán agus ag 458 EUR/m³ le haghaidh okoumé clúdaithe le haghaidh margadh an Aontais, agus 371 EUR/m³ le haghaidh okoumé clúdaithe le haghaidh tríú tíortha. Tá leibhéal na bpraghsanna sin sa raon céanna le praghas sraithadhmaid okoumé d'allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe dá dtugtar tuairisc in aithris (114). Cé go raibh na cainníochtaí a bhí i gceist imeallach, deimhníonn an leibhéal praghsanna sin ionadaíochas na dtairiscintí tráchtála a léireoidh praghsanna onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh sraithadhmad okoumé ón tSín. Tá meánphraghas onnmhairí Síneacha chuig tríú tíortha seachas chuig an Aontas faoi fho-cheannteideal HS 4412 31 ó GTA sa raon céanna freisin. Ach, tá táirgí faoi fho-cheannteideal HS 4412 31 seachas an táirge faoi athbhreithniú, mar sin níor measadh go raibh na sonraí sin sách beacht chun faisnéis úsáideach a sholáthar.

(122) Choigeartaigh an Coimisiún na praghsanna chuig leibhéal díreach ón monarcha ag leanúint an chur chuige dá dtugtar tuairisc in aithris (114) agus chuir siad i gcomparáid iad leis an ngnáthluach mar a suíodh i Roinn 3,3.

(123) Bheadh na corrlaigh dumpála maidir leis na hallmhairí sin a d'fhéadfadh teacht ón tSín, don dá chineál táirge, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontas, roimh dhleacht a íoc, os cionn 100 % dá mbeadh na tairiscintí sin ar fad tagtha isteach san Aontas.

4.2. **An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne.**

4.2.1. *Táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne*

(124) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí de chuid na Síne/tháirgeoirí onnmhairiúcháin nó faisnéis eile atá ar fáil maidir le tionscal sraithadhmaid okoumé na Síne, suíodh táirgeacht i nDaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na meastachán a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, bunaithe ar a eolas is fearr ar an margadh.

(125) Mheas an t-iarratasóir táirgeacht ionchasach sraithadhmaid okoumé sa tSín bunaithe ar allmhairí spreotaí okoumé. Idir 2017 agus 2020 allmhairíodh timpeall 475 000 m³ go 1 mhilliún m³ de spreotaí okoumé isteach sa tSín, a mheastar go bhféadfaí 75 % díobh a úsáid le haghaidh sraithadhmad okoumé a tháirgeadh. ([71]) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh táirgeoirí de chuid na Síne níos mó ná 400 000 m³ go 4 mhilliún m³ de shraithadhmad okoumé a mhonarú go héasca ag brath ar an gcineál sraithadhmaid. Comhfhreagraíonn sé sin le híosmhéid dhá uair chuig uasmhéid 20 uair tomhaltas an Aontais.

4.2.2. *Acmhainneacht táirgeachta i nDaon-Phoblacht na Síne*

(126) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí de chuid na Síne de shraithadhmad okoumé nó faisnéis eile a bheith ar fáil maidir le tionscal sraithadhmaid okoumé na Síne, scrúdaíodh cás thionscal sraithadhmaid na Síne ina iomláine (gan beann ar an gcineál speiceas adhmaid a úsáidtear), mar go ndearnadh é san athbhreithniú roimhe sin.

(127) De réir na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú éaga, agus mar a deimhníodh sna himscrúduithe roimhe sin, táirgeann na cuideachtaí céanna sraithadhmaid, ar an trealamh céanna, pé speiceas adhmaid a úsáidtear. Suíodh sna hathbhreithnithe roimhe sin go bhfuil sraithadhmad okoumé níos brabúsaí ná cineálacha eile sraithadhmaid.

(128) Ar an mbonn sin, tugtar le fios acmhainneacht táirgeachta suntasach a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa tSín trí mhéideanna táirgeachta de gach cineál sraithadhmaid, arbh ionann é, bunaithe ar an staidreamh FAO is déanaí atá ar fáil, agus 76,4 milliún m³ in 2021 ([72]). San fhianaise san iarraidh ([73]) ar athbhreithniú measadh acmhainneacht táirgeachta sraithadhmaid ag 270 milliún m³ in aghaidh na bliana ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(129) Mar gheall ar na hacmhainneachtaí táirgeachta móra i nDaon-Phoblacht na Síne, a bhí i bhfad níos mó ná éileamh an Aontais de 192 000 m³ le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe gan beann ar an bhfigiúr a glacadh, agus nach amháin go bhfuil athrú ó chineálacha eile adhmaid go sraithadhmad okoumé ag teastáil chun sraithadhmad okoumé a tháirgeadh, go bhfuil sé an-dóchúil go n-úsáidfeadh táirgeoirí de chuid na Síne a n-acmhainneacht táirgeachta mór chun a dtáirgeadh a athrú ó chineálacha eile sraithadhmaid i dtreo sraithadhmad okoumé atá níos brabúsaí le honnmhairiú chuig an Aontas má théann na bearta in éag.

([71]) Iarraidh ar Athbhreithniú, Roinn 3.2 lch. 27 agus Iarscríbhinn Oscailte XIV
([72]) FAOSTAT (https://www.fao.org/faostat/en/#data/FO), 5 Eanáir 2023
([73]) Iarraidh ar athbhreithniú, iarscríbhinn IX.

4.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais.**

(130) Ba é leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha i gcomparáid le leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas an phríomhghné a úsáideadh chun mealltacht mhargadh an Aontais a shuí dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm. Tugadh le fios sna tairiscintí tráchtála a luadh in aithris (119) le margadh an Aontais agus le tríú tíortha eile go raibh an margadh tarraingteach go deimhin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar go raibh praghas onnmhairiúcháin sraithadhmad okoumé na Síne chuig margadh an Aontais níos airde ná praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig gach tríú margadh eile lena raibh tairiscintí tráchtála ar fáil. Is é sin go raibh na tairiscintí praghais onnmhairiúcháin ag leibhéal CAL chuig margadh an Aontais, ar an meán, 23 % níos airde ná praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ag leibhéal CAL. Dá réir sin, in éagmais bearta, bheadh margadh an Aontais níos mealltaí mar gheall ar phraghsanna onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith níos airde chuig an Aontas agus bheadh brabúis níos airde ó onnmhairiúcháin chuig an Aontas ná onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha eile.

(131) Ina theannta sin, tá bearta cosanta trádála ar allmhairí sraithadhmaid ón tSín i bPoblacht na Cóiré (bearta frithdhumpála ar shraithadhmad le sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmad trópaiceach: le tiús níos lú ná 3,2 mm), i Maracó (bearta frithdhumpála ar gach cineál sraithadhmaid), i SAM (bearta frithdhumpála agus frithchúitimh ar shraithadhmad crua-adhmaid) agus sa Tuirc (bearta frithdhumpála ar chineálacha áirithe sraithadhmaid) ([74]). Rannchuidíonn na bearta le teorainneacha onnmhairiúcháin le haghaidh táirgeoirí sraithadhmaid na Síne agus le hacmhainneacht bhreise shuntasach leanúnach sraithadhmaid a bheith sa tSín agus bíonn margadh an Aontais níos mealltaí d'onnmhairiúcháin sraithadhmaid na Síne dá mbarr.

(132) Dá bhrí sin, má cheadaítear do bhearta dul in éag san Aontas, cé go gcoinníonn tíortha eile a mbearta frithdhumpála ar bun, is dóchúil go n-atosóidh táirgeoirí de chuid na Síne ag táirgeadh sraithadhmad okoumé i méideanna nach beag lena n-onnmhairiú chuig margadh an Aontais.

4.4. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go gcuirfí tús leis an dumpáil arís.**

(133) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go dtarlódh dumpáil arís dá ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig. Go háirithe, leibhéal an ghnáthluacha a suíodh i nDaon-Phoblacht na Síne, leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig margaí tríú tíortha agus chuig an Aontas, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an acmhainneacht mhór táirgeachta atá ar fáil i nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn siad sin go léir gur dócha go dtarlóidh an dumpáil arís i gcás ina ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(134) Rinne 16 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is ionann na táirgeoirí sin agus an 'tionscal de chuid an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(135) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 174 000 m^3. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na bhfreagraí ar na ceistneoirí a thug na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ar bhonn an fhreagra a thug an t-iarratasóir ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha.

(136) Mar a thugtar le fios in aithris (11), má bhain aon díobháil do thionscal an Aontais, cuireadh sampláil i bhfeidhm chun an leanúint fhéideartha nó atarlú den díobháil sin a chinneadh. B'ionann na trí tháirgeoir chomhoibríocha ón Aontas a roghnaíodh sa sampla agus 40 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(137) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn: a) Sonraí an iarratasóra maidir le díolacháin thionscal an Aontais den táirge comhchosúil, arna gcros-seiceáil go páirteach leis na méideanna díolachán a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais; agus (b) allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat.

([74]) Léarscáil Rochtain ar an Margadh (https://www.macmap.org/en/query/trade-remedies), agus Global Trade Alert (https://www.globaltradealert.org/data_extraction), 19 Meán Fómhair 2022.

(138) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 2

—Tomhaltas an Aontais (m^3)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	171 309	187 104	171 737	192 264
Innéacs	*100*	*109*	*100*	*112*

Foinse: Eurostat, Iarratasóir, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(139) Léirigh an t-athbhreithniú gur tháinig méadú 12 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Rinne ráig COVID-19 difear diúltach do thomhaltas an Aontais in 2020, ach tháinig borradh láidir arís faoi le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(140) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón tSín ar bhonn staitisticí Eurostat, mar a mhínítear go cuí in aithris (136) thuas. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí acu trí allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais mar a leagtar amach i dTábla 2.

(141) Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 3

— Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (m^3)	100	0	43	74
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*0*	*43*	*74*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (%)	0,06	0,00	0,03	0,04

Foinse: Eurostat

(142) Bhí méid na n-allmhairí ón tSín diomaibhseach le linn na tréimhse iomlán faoi bhreathnú.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(143) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ón tSín ar bhonn staidreamh Eurostat.

(144) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe allmhairí ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

– Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/m^3)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An tSín	370	0	481	619
Innéacs (2018 = 100) (%)	*100*	*0*	*130*	*167*

Foinse: Eurostat

(145) Tháinig méadú 67 % ar phraghsanna ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach bhí feidhm leo an t-am ar fad maidir le méideanna allmhairí. Ní cheadaíonn na méideanna beaga allmhairí sin ó Dhaon-Phoblacht na Síne d'aon ríomh sladghearrtha praghais bríoch.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne**

(146) Shuigh an Coimisiún méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha agus an mhodheolaíocht chéanna á cur i bhfeidhm i gcás Dhaon-Phoblacht na Síne (féach roinn 5.3.1).

(147) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

– Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Ghabúin	Toirt allmhairithe (m^3)	18 603	19 919	18 238	24 322
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*107*	*98*	*131*
	Sciar den mhargadh (%)	10,9	10,6	10,6	12,6
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*98*	*116*
	Meánphraghas (EUR/m^3)	761	745	755	769
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*99*	*101*
Maracó	Toirt allmhairithe (m^3)	6 231	8 493	8 332	9 917
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*136*	*134*	*159*
	Sciar den mhargadh (%)	3,6	4,5	4,8	5,2
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*125*	*134*	*141*
	Meánphraghas (EUR/m^3)	852	833	846	870
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*99*	*102*
Tríú tíortha eile	Toirt allmhairithe (m^3)	466	1 922	1 837	2 490
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*412*	*394*	*534*
	Sciar den mhargadh (%)	0,3	1,0	1,1	1,3 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*377*	*394*	*474*
	Meánphraghas (EUR/m^3)	526	867	710	938
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*165*	*135*	*178*
Allmhairí iomlána gan iad siúd ó Dhaon-Phoblacht na Síne a áireamh	Toirt allmhairithe (m^3)	25 300	30 334	28 407	36 729
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*120*	*112*	*145*
	Sciar den mhargadh (%)	14,8	16,2	16,6	19,1
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*110*	*112*	*129*
	Meánphraghas (EUR/m^3)	779	777	779	808
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*100*	*104*

Foinse: Eurostat

(148) As measc na n-allmhairí ó thríú tíortha, ba iad na hallmhairí ón nGabúin agus ó Mharacó ba thábhachtaí. Mhéadaigh an dá thír méid na ndíolachán le linn na tréimhse faoi bhreathnú, faoi 31 % agus 59 % faoi seach, agus a sciar den mhargadh, faoi 1.7 agus 1.6 phointe céatadáin, faoi seach. Tháinig méadú ar allmhairí ó thríú tíortha go suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú (níos mó ná 5 huaire), ach níor léirigh siad le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach sciar den mhargadh 1.3 %.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(149) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(150) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí agus faisnéise i bhfreagra an iarratasóra ar an gceistneoir, arna gcros-seiceáil go cuí leis an bhfaisnéis san iarraidh agus leis na freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte ar an gceistneoir agus le staidreamh Eurostat. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais.

(151) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(152) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(153) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (m^3)	164 635	179 457	164 383	174 048
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*109*	*100*	*106*
Acmhainneacht táirgeachta (m^3)	286 965	299 163	288 272	306 816
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*104*	*100*	*107*
Úsáid acmhainneachta (%)	57,4	60,0	57,0	56,7
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*105*	*99*	*99*

Foinse: Iarratasóir, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(154) Tháinig méadú 6 % ar tháirgeadh an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Lean sé an treocht de thomhaltas an Aontais, dá bhrí sin bhí tionchar diúltach de ráig COVID-19 le feiceáil in 2020, agus athshlánú suntasach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(155) Tháinig méadú 7 % freisin ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(156) Ó tharla an t-oiriúnú ar an acmhainneacht táirgeachta chun na leibhéil níos airde tomhaltais a mheaitseáil go príomha roimhe an tréimhse faoi bhreathnú, tá an ráta úsáide acmhainneachta cobhsaí ach ag leibhéal níos ísle i gcomparáid leis na rátaí a bunaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe san athbhreithniú roimhe sin (80 %) ([75]).

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(157) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

— An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais – custaiméirí neamhghaolmhara (m^3)	145 909	156 770	143 287	155 460
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*107*	*98*	*107*
Sciar den mhargadh (%)	85,2	83,8	83,4	80,9
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*98*	*95*

Foinse: Eurostat, iarratasóir, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(158) Tháinig méadú 7 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a bhí níos lú ná an méadú 13 % den tomhaltas a léirítear i dTábla 2. Dá bhrí sin, d'ainneoin an mhéadaithe ar mhéid na ndíolachán, agus an méadú comhthreomhar ar allmhairí ó thríú tíortha eile dá dtugtar tuairisc in aithris (147) á chur san áireamh freisin, chaill tionscal an Aontais 4.3 pointe céatadáin den sciar den mhargadh. Ach, tá sciar de mhargadh thionscal an Aontais fós ag ardleibhéal.

5.5.2.3. Fás

(159) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar thomhaltas an Aontais, agus tháinig méadú 7 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas. Dá thoradh sin, tá fás tagtha ar thionscal an Aontais i ndearbhthéarmaí ach ní i dtéarmaí a sciar den mhargadh. Ach, tháinig fás i dtáirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus infheistíochtaí chomh maith leis an bhfás i ndíolacháin.

5.5.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(160) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

– An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe	678	664	661	663
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*97*	*98*
Táirgeacht Saothair (m^3/fostaí)	243	270	249	263

([75]) Féach aithris (76) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/648.

Innéacs (2018 = 100)	*100*	*111*	*102*	*108*

Foinse: Iarratasóir, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(161) Tar éis laghdú beag idir 2018 agus 2019, d'fhan an líon fostaithe réasúnta cobhsaí le linn an chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú – bhí tionscal an Aontais ag fostú timpeall 660 comhalta foirne. Tháinig méadú ar tháirgiúlacht in aghaidh an fhostaí faoi 8 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(162) Mar a mhínítear in aithris (117), de bharr mhéid diomaibhseach na n-allmhairí ón tSín, níorbh fhéidir cinneadh ionadaíoch de dhumpáil a bhunú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, dhírigh an t-imscrúdú ar an dóchúlacht go ndéanfaí dumpáil arís i gcás ina ligfí do na bearta frithdhumpála dul as feidhm.

(163) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, léiríodh treochtaí fabhracha i roinnt táscairí díobhála de thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur théarnaigh tionscal an Aontais ó dhumpáil roimhe sin.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(164) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 9

— Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas (EUR/m³)	956	959	987	1 033
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*103*	*108*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/m³)	939	922	978	1 011
Innéacs (2018= 100)	*100*	*98*	*104*	*108*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(165) D'fhan praghsanna díolacháin aonaid cobhsaí sa chéad chuid den tréimhse faoi bhreathnú agus ansin tháinig méadú 8 % orthu idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiriú iomlán ar an méadú ar an gcostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú is ea an méadú praghais sin.

5.5.3.2. Costais saothair

(166) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

– Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	31 134	31 846	30 408	31 521

Innéacs	*100*	*102*	*98*	*101*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(167) Idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais réasúnta cobhsaí agus tháinig méadú foriomlán 1 % orthu.

5.5.3.3. Fardail

(168) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

– Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (m^3)	5 805	3 762	4 793	4 245
Innéacs	*100*	*65*	*83*	*73*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	9,6	5,8	7,6	6,1
Innéacs	*100*	*61*	*79*	*64*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(169) Go hiondúil, táirgtear sraithadhmad okoumé de réir ordaithe agus tá na leibhéil stoic dá bhrí sin íseal de ghnáth. In 2018, d'fhan siad ag leibhéal réasúnta ard, ach le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig laghdú 36 % air, ó 9.6 % i ndáil le méideanna táirgeachta in 2018 chuig 6.1 % de mhéideanna táirgeachta le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(170) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 12

– An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	2,5	3,9	3,3	6,9
Innéacs	*100*	*159*	*133*	*277*
An sreabhadh airgid (EUR)	913 814	209 034	1 037 362	- 1 179 393
Innéacs	*100*	*23*	*114*	*- 129*
Infheistíochtaí (EUR)	1 572 178	5 030 991	1 551 446	2 021 386
Innéacs	*100*	*320*	*99*	*129*
Toradh ar infheistíochtaí	3,6 %	6,9 %	6,9 %	18,2 %
Innéacs	*100*	*190*	*190*	*502*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(171) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Le linn na tréimhse foriomláine faoi bhreathnú, d'fhan tionscal an Aontais brabúsach le treocht mhéadaitheach. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe shroich brabúsacht leibhéal beagnach 7 %.

(172) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Ar an bhforiomlán, i ndearbhthéarmaí, bhí sreabhadh airgid ag leibhéal íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sé níos ísle níos ísle ná le linn na tréimhse faoi bhreathnú den athbhreithniú roimhe sin. Ach, lean sé fós de bheith dearfach seachas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(173) Lean táirgeoirí de chuid an Aontais le hinfheistíochtaí le linn na tréimhse foriomláine faoi bhreathnú. Shroich infheistíochtaí buaicphointe in 2019. Tar éis titim sa bhliain ina dhiaidh sin, a raibh tionchar soiléir air de bharr Covid-19, tháinig méadú arís ar infheistíochtaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chuig leibhéal 29 % níos airde ná ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(174) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhearfach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí toradh ar shócmhainní táirgeoirí an Aontais 5 huaire níos airde ná in 2018.

(175) Níor thuairiscigh aon cheann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais aon deacracht maidir lena gcumas caipiteal a thiomsú.

5.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(176) Bhí méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(177) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mhéadaigh tionscal an Aontais a tháirgeacht, a acmhainneacht táirgeachta agus méid na ndíolachán. Tugadh faoi deara caillteanas i sciar den mhargadh, ach tharla sé sin i gcás méadú foriomlán ar thomhaltas. Tháinig laghdú imeallach ar an leibhéal fostaíochta, agus tháinig méadú ar tháirgiúlacht.

(178) I dtéarmaí táscairí airgeadais, ba cheart a chur i dtábhacht, d'ainneoin méadú seasta ar chostais táirgthe, lean tionscal an Aontais de bheith brabúsach sna blianta ar fad den tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shroich a bhrabúsacht leibhéal beagnach 7 %. Thairis sin, mhéadaigh tionscal an Aontais infheistíochtaí agus bhain sé amach toradh maith orthu.

(179) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO GCUIRFÍ TÚS LE DÍOBHÁIL ARÍS**

(180) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (178) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(181) Maidir leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais, agus tionchar an mhéid allmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus praghsanna allmhairiúcháin ar staid thionscal an Aontais dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm.

(182) Ar an gcéad dul síos, mar a thugtar tuairisc in aithrisí (125) go (128) thuas, i bhfianaise na n-inniúlachtaí táirgeachta suntasacha sa tSín, is dóchúil, in éagmais bearta, go n-atosódh allmhairí ón tSín i gcainníochtaí suntasacha. Mar tháscaire de chumas táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chun a dtáirgeacht agus onnmhairí sraithadhmaid okoumé a mhéadú go tapa, meabhraítear, san imscrúdú bunaidh, go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in ann a n-onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú ó timpeall 9 500 m^3 chuig níos mó ná 83 500 m^3 i níos lú ná 3 bliana (ó lár 2001 go lár 2003). Ba cheart an figiúr sin a fheiceáil in aghaidh chúlra 192 000 m^3 de thomhaltas an Aontais agus 174 000 m^3 de tháirgeadh thionscal an Aontas sa RIP atá ann faoi láthair.

(183) Níor thángthas ar aon ghné a thabharfadh le fios go bhfuil úsáid okoumé i dtáirgeadh sraithadhmaid sa tSín ionadaithe ar bhealach cobhsaí le speiceas adhmaid eile. Mar a mhínítear in aithris (126) tá táirgeoirí de chuid na Síne fós ag úsáid okoumé chun sraithadhmad a mhonarú. De bharr na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm, ba bheag nár stad allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar sin féin, mar a deimhníodh san imscrúdú, bhí éileamh suntasach ar shraithadhmad okoumé ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(184) Ar an dara dul síos tá na praghsanna ar mhargadh an Aontais réasúnta ard i gcomparáid le praghsanna ag ar féidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a dtáirgeadh a onnmhairiú, agus dá réir sin tá margadh an Aontais an-tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín.

(185) Chuige sin, rinneadh an Coimisiún anailís a bhaineann leis an leibhéal praghsanna dóchúil ar a n-onnmhaireodh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig margadh an Aontais.

(186) Gan aon táirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne ag comhoibriú agus gan ach líon onnmhairí an-teoranta ón tSín cláraithe in Eurostat, d'úsáid an Coimisiún, le haghaidh na ríomhanna sladghearrtha, praghsanna na Síne a tógadh ó thairiscintí tráchtála mar a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh (arna úsáid freisin le haghaidh ríomhanna corrlach dumpála mar a thugtar tuairisc in aithris (119)) mar léiriú ar an leibhéal praghsanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus a onnmhaireodh táirgeoirí de chuid na Síne an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Coigeartaíodh na praghsanna sin tríd an ngnáthráta dleachta custaim agus na costais iar-allmhairithe a chur leis.

(187) Tar éis comparáid idir praghsanna CAL na Síne, bunaithe dá réir sin, agus praghsanna díolacháin praghas díreach ón monarcha na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, suíodh sladghearradh 40.8 % agus 58.1 % le haghaidh sraithadhmad okoumé foriomlán agus sraithadhmad okoumé clúdaithe faoi seach.

(188) Thairis sin, léirítear go soiléir i dtairiscintí tráchtála na Síne a tugadh san áireamh sa ríomh sin go bhfuil praghsanna chuig tríú tíortha i bhfad níos ísle (féach aithris (129) thuas) ná praghsanna chuig an Aontas, a chuireann i dtábhacht de bhreis air sin tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí leibhéal praghsanna.

(189) Sa chás dóchúil go dtiocfadh allmhairí ón tSín den táirge lena mbaineann ar ais ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais agus i gcainníochtaí nach beag, ní bheadh tionscal an Aontais in ann a leibhéal praghsanna atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun. Chuirfeadh an laghdú dóchúil seo ar phraghsanna dul chun cinn téarnaimh thionscal an Aontais i mbaol go deimhin agus thabharfaí tionscal an Aontais chuig caillteanais go tapa.

(190) Thairis sin, chaillfeadh tionscal an Aontais méid díolachán agus scair den mhargadh ar mhargadh an Aontais go tapa agus thiocfadh laghdú ar tháirgeacht. Dá thoradh sin, thiocfadh laghdú ar an ráta úsáid acmhainneachta arís.

(191) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa beart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(192) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

(193) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(194) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh an dumpáil agus an díobháil arís.

7.1. **Leas an tionscail de chuid an Aontais**

(195) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (178), ní bhaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a thuilleadh. De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (190), áfach, ní bheadh tionscal an Aontais in ann déileáil leis na bearta a bheith bainte, ar dóchúil go mbeadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ann dá thoradh ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna ag sladghearradh praghsanna thionscal an Aontais. Chuirfí inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach an tionscail i mbaol, dá bhrí sin, dá n-aisghairfí na bearta. Dá bhrí sin, tá sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

7.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(196) Cuireadh gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus úsáideoir ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Ní bhfuair an Coimisiún aon chomhar, áfach, ó allmhaireoirí neamhghaolmhara ná ó úsáideoirí.

(197) Dá bhrí sin, ní raibh aon chomhartha ann a léireodh go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí agus/nó ar na hallmhaireoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

7.3. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(198) Tháinig an Coimisiún an gconclúid ar bhonn a luaitear thuas nárbh ann d'aon chúis láidir maidir le leas an Aontais gan na bearta atá ann faoi láthair maidir le hallmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh na Síne a choimeád ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(199) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh dumpáil arís, maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

(200) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(201) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([76]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(202) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

([76]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

(203) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(204) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis leanúint leis na bearta, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr leanúint le bearta de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre don chuideachta a thairbhíonn den ráta dleachta frithdhumpála aonair níos ísle a fhorchur dá bharr sin.

(205) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse áirithe do na páirtithe uile inarbh fhéidir leo aighneachtaí a thabhairt de bhun an nochta sin agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara.

(206) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([77]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(207) Níor thug an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim uaidh maidir leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach leis seo ar allmhairí sraithadhmaid okoumé, arna sainmhíniú mar shraithadhmad arb é atá ann leatháin adhmaid, nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i ngach sraith díobh, ag a bhfuil sraith sheachtrach okoumé nach bhfuil brataithe le scannán ábhar eile, atá faoi láthair faoi chód AC ex 4412 31 10 (cód TARIC 4412 31 10 10) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Ráta na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a mhonaraíonn na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Ráta dleachta	Cód breise TARIC
Nantong Zongyi Plywood Co. Ltd Xingdong Town, Tongzhou City, Jiangsu Province, Daon-Phoblacht na Síne	9,6 %	A526

([77]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Zhejiang Deren Bamboo-Wood Technologies Co. Ltd Linhai Economic Development Zone, Zhejiang, Daon-Phoblacht na Síne	23,5 %	A527
Zhonglin Enterprise (Dangshan) Co. Ltd Xue Lou Miao Pu, Dangshan County, Anhui Province 235323, Daon-Phoblacht na Síne	6,5 %	A528
Jiaxing Jinlin Lumber Co. Ltd North of Ganyao Town, Jiashan, Zhejiang Province, Daon-Phoblacht na Síne	17 %	A529
Gach cuideachta eile	66,7 %	A999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) de shraithadhmad okoumé, a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: (an tír lena mbaineann). Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le 'Gach cuideachta eile'.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN